



An Coiste Comhairleach um Sheirbhísí Gaeilge

Miontuairiscí - Cruinniú 16 – 10 Meitheamh 2024

LÁTHAIR: Reáchtáilte go Fíorúil trí Zoom

DÁTA: Dé Luain, an 10 Meitheamh 2024

AM: 15:00 – 16:30

I LÁTHAIR:

Ainm	Eagraíocht	Ról
An Dr. Aodhán Mac Cormaic	An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán	Cathaoirleach
John Howlin	An Roinn Caiteachais Phoiblí Sheachadadh PFN agus Athchóirithe	Comhalta
Orlaith Mannion (thar ceann Elaine Bird)	An Roinn Coimirce Sóisialaí	Comhalta
Stephen McGrath (thar ceann Mags Campbell)	An Roinn Oideachais	Comhalta
Sinéad Coleman	An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí	Comhalta
Breandán Mac Craith	Foras na Gaeilge	Comhalta
John Prendergast	Pobail Ghaeltachta	Comhalta
Mairéad Ní Ghabháin	Pobail Teanga Iasmuigh den Ghaeltacht	Comhalta
Eithne Fox	Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	Comhalta
Jim Molloy	An Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil	Comhalta
Sadhbh Ó Cinnseala	An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán	Príomhoifigeach an Aonaid
Emily Maloney	An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán	Rúnaí

IN EASNAMH LE LEITHSCÉAL:

- Ní raibh an Ceannfort David Kelly, ionadaí an Gharda Síochána, in ann freastal ar an gcruinniú.

PRÍOMHCINNÍ TÓGTHA:

- Aontaíodh miontuairiscí an chruinnithe an 27 Bealtaine 2024;
- Aontaíodh go mbeadh an chéad chruinniú eile den Choiste Comhairleach ar siúl Dé Luain, an 17 Meitheamh 2024 ag a 10:30 agus go réachtálfar go cianda é.

PLÉ AR AN gCLÁR INA IOMLÁINE:

1. Fáilte ón gCathaoirleach:

- Cuireadh tús leis an gcruinniú le ráiteas oscailte ó Chathaoirleach an Choiste, an Dr. Aodhán Mac Cormaic.

2. Miontuairiscí an Chruinnithe roimhe sin:

- Aontaíodh miontuairiscí cruinnithe an 27 Bealtaine 2024.

3. Forbairt an Plean Náisiúnta:


- Pléadh na hamlínte chun an Plean Náisiúnta a chríochnú agus a chur faoi bhráid an Aire, mar aon leis na moltaí beartaithe.

4. Tráchttaireacht faoin gCoiste sna Meáin:

- Dúradh go raibh ailt éagsúla ábhartha sna meáin ón gcruinniú deireanach, mar seo a leanas:
 - Alt dar dáta an 27 Bealtaine 2024 ar [Tuairisc.ie](#) maidir leis an obair mhór atá le déanamh chun comhlachtaí poiblí a chur ar an eolas maidir le sprioc earcaíochta 20% na reachtaíochta teanga.
 - Alt dar dáta an 5 Meitheamh 2024 sa [Journal](#) maidir leis an nGaeilge san Aontas Eorpach agus tagairt shonrach do sprioc earcaíochta 20% na reachtaíochta teanga.
 - Alt dar dáta an 5 Meitheamh 2024 ar [Tuairisc.ie](#) maidir le gealltanais na bpáirtithe éagsúla sna toghcháin áitiúla agus tagairt do gheallúint páirtí amháin “go gceapfar oifigeach Gaeilge lánaimseartha agus go mbunófar Coiste Gaeilge i ngach údarás áitiúil”.

5. Dáta don Chéad Chruinniú Eile:

- Aontaíodh go mbeadh an chéad chruinniú eile den Choiste Comhairleach ar siúl Dé Luain, an 17 Meitheamh 2024 ag a 10:30 agus go réachtálfar go cianda é.


Rúnaí

17 Meitheamh 2024

Dáta Faofa